Glór na nGael

Ag forbairt na Gaeilge i gcursaí pobail, cuó agus teaghlaigh

Folúntas Poist

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge

Tá Glór na nGael tiomanta don chomhionannas deise agus cuirimid fáilte roimh iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Teideal Poist	Oifigeach Forbartha
Grád	Oifigeach Feidhmiúcháin
Tuarastal	€32,649-€54,481
Uaireanta Oibre	37.5 uair
Téarma	Conradh trí bliana Tá deis ann go síneofar an téarma ach an maoiniú bheith ar fáil
Fostóir	Glór na nGael Teo.
Rannóg	Samhlaítear go mbeidh an post seo dírithe go príomha ar an obair teaghlaigh sa rannóg Teanga Tí, ach d'fhéadfaí é sin a athrú ar threoir an Bhoird Stiúrtha.
Freagrach Do	Bainisteoir Forbartha Teanga Tí
Láthair Oibre	Bíonn Glór na nGael ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda agus bíonn cúraim uile-oileánda ag gach fostaí dá réir sin. Cuirfear fáilte ar leith roimh iarratais ó dhaoine atá lonnaithe i gCúige Chonnacht, Lár Tíre nó Deisceart Cúige Laighin. Bíonn taistil réigiúnda agus náisiúnta i gceist mar chuid den ról. Beidh an té a cheapfar ag obair ón b(h)aile nó as oifig Ghlór na nGael i Ráth Chairn.

	Beidh gá a bheith i láthair in oifigí Ghlór na nGael i Ráth Chairn, nó in áiteanna eile, ó am go ham le haghaidh imeachtaí, traenáil agus cruinnithe foirne.

Proifíl an Phoist	
Beidh ról an Oifigigh Forbartha tiomanta don phobal agus bainfidh sé le fás agus forbairt Ghlór na nGael trí straitéis shainmhínithe. Cuirfidh sé/sí an Ghaeilge chun cinn trí imeachtaí comhaontaithe, caidrimh agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe ar fud na hÉireann.	
Príomhdhualgais an Phoist	
1	Gréasáin de theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge a fhás agus a fhorbairt
2	Féilire d'imeachtaí teaghlaigh a eagrú agus a bhainistiú i gceantar tíreolaíochta ar leith agus tacú le himeachtaí náisiúnta teaghlaigh (An Saoire Gaeltachta, Deireadh Seachtaine Náisiúnta na dTeaghlach) a eagrú agus a bhainistiú
3	Cur le agus tacú le hacmhainní teaghlaigh eile atá á fhorbairt, m.sh. an nuachtlitir teaghlaigh, suíomh www.teangati.ie agus scéim meántóireachta Teanga Tí
4	Ábhar a ullmhú don suíomh, don nuachtlitir agus do na meáin shóisialta le lucht leanúna a mhealladh agus a gníomhiú
5	Scéimeanna eile na heagraíochta a chur chun cinn: Teanga Tí; Comórtas Ghlór na nGael, Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha; GRADAIM agus Céimeanna
6	Comhpháirtíochtaí a fhás agus a fhorbairt i bpobail áitiúla
7	Obair le hOifigigh Forbartha eile le cur chuige uile-Éireann a chinntiú
8	Bheith ar fáil do mholtóireacht náisiúnta Ghlór na nGael agus ar ócáidí náisiúnta eile a thiteann amach ó am go chéile
9	Soláthar seirbhísí, comhairle agus cúnamh do ghrúpaí pobail atá ag triail ar aitheantas a bhaint amach, nó atá tar éis é a bhaint amach, mar Líonra Gaeilge, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, Baile Seirbhíse Gaeltachta nó Limistéar Pleanála Teanga
10	Aon chúram eile a cheapfaidh Bord Stiúrtha Ghlór na nGael a bheidh oiriúnach ó am go ham

Sonraíocht Faoin Phearsa

	Riachtanach	Inmhianaithe
Oideachas	Caighdeán maith oideachais (m.sh. 3ú leibhéal/Ard Leibhéal)	Cáilíocht 3ú leibhéal i gceann de na réimsí seo a leanas: Gaeilge; pleanáil teanga; forbairt pobail; bainistiú imeachtaí
Taithí	Taithí i bhforbairt pobail, go háirithe in earnáil na Gaeilge (d'fhéadfadh seo bheith ar bhonn deonach)	Taithí ar an phleanáil teanga Taithí ar chruthú ábhar digiteach agus ar líne Taithí ar bhainistiú suíomhanna idirlín agus ardáin meáin shóisialta
Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta	Ardleibhéal Gaeilge, scríofa agus labhartha Bheith in ann caidreamh a thógáil le daoine agus le grúpaí, agus iad a spreagadh	Cáipéisí a scríobh, a aistriú agus a phrofáil (Gaeilge agus Béarla) Scileanna maithe cur i láthair
Scileanna Praiticiúla agus tréithe pearsanta	Eagrú agus bainistiú imeachtaí Bheith in ann obriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann agus leat féin Ceadúnas iomlán/glan tiomána agus teacht ar mhodh iompair Cumas bheith ag obair de réir spriocdhátaí teanna agus faoi bhrú Muiníneach, féinspreagtha agus dírithe ar spriocanna Taithí i ndearadh póstaer agus ábhar poiblíochta/margaíochta eile.	Taighde agus suirbhéanna a dhéanamh Cumas tionscadail a chruthú agus a thabhairt chun críche

	Taithí i bhforbairt físeán margaíochta/poibliochta Taithí i mbainistiú ardáin ar na meáin shóisialta agus suíomhanna Wordpress	

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)
Ar mhaithe lenár ndualgais a chomhlíonadh faoi RGCS tá sé riachtanach dúinn cúis dleathach a bheith againn do chuid sonraí pearsanta mar a bhaineann sé le d'iarratas a phróiseáil agus a stóráil.

Is cóir don iarrthóir a thuiscint go bhfuil leas dlisteanach ag Glór na nGael faoi reachtaíocht fostaíochta na sonraí seo a choimeád ar feadh tréimhse bliana.

Scriosfar na sonraí pearsanta seo nuair a théann an tréimhse ama sin in éag nó i gcás iarrthóir rathúil, coinnítear na sonraí pearsanta ar thaifead go dtí go gcríochnaíonn fostaíocht an fhostaí leis an eagraíocht.

Iarratais

Ní mór do CV agus litir cludaigh a bheith seolta chuig sara@glornangael.ie roimh meán lae, 11 Meán Fómhair 2023